Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Nollaig 2023
(OR. en)

16457/23
PV CONS 65
AGRI 800
PECHE 574

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

10 agus 11 Nollaig 2023

## CRUINNIÚ DÉ DOMHNAIGH, AN 10 NOLLAIG 2023

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16274/1/23 REV 1.

IASCACH

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* | C(*) | 16444/23<br>16305/**2**/23 **REV 2**<br>16311/23<br>+ ADD 1-2 |

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 a mhéid a bhaineann le stoic éisc dhomhainfharraige.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* | C(*) | 16442/23<br>16305/**2**/23 **REV 2**<br>15715/23<br>+ ADD 1 REV 1 |

Tháinig an Chomhairle ar chomhaontú polaitiúil maidir leis an Rialachán lena socraítear le haghaidh 2024 deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Aon ghnó eile**

4. (a) **An Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus Tacaíocht – Cúiteamh i gcás Teagmhais Eisceachtúla** 2 16421/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Portaingéile, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seice, na Cipire, na Fraince, na Gréige, na hIodáile, na hUngáire, Mhálta agus na Portaingéile*

(b) **Tionscnamh Imchuach na Mórmhara Thuaidh (GNSBI)** 2 16422/23
*Faisnéis ó **thoscaireacht na Fraince**, thar ceann thoscaireachtaí na Fraince agus na hÍsiltíre*

(c) **Tograí reachtacha reatha** ❶C
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

- **Treoir maidir le dícheall cuí inbhuanaitheachta corparáidí**
- **Rialachán maidir le táirgí arna ndéanamh le saothar éigeantais a thoirmeasc ar mhargadh an Aontais:**

**Saothar éigeantais ar shoithí iascaireachta na Síne, sa dobharshaothrú agus sa phróiseáil éisc** 16423/23 + COR 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na hÍsiltíre*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Fhrainc, an Ghréig, an Ungáir, an Iodáil, Málta agus an Phortaingéil ar fáil maidir leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus tacaíocht – cúiteamh i gcás imeachtaí eisceachtúla, an fhaisnéis ón bhFrainc agus ón Ísiltír faoi Thionscnamh Imchuach na Mara Thuaidh, chomh maith leis an bhfaisnéis a chuir an Ísiltír ar fáil maidir le saothar éigeantais i ndáil le soithí iascaireachta, dobharshaothrú agus tionscal próiseála éisc na Síne.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an méid a bhí le rá faoi sin ag an gCoimisiún agus ag na toscaireachtaí.

**CRUINNIÚ DÉ LUAIN, AN 11 NOLLAIG 2023**

**5. Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 16322/23

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

TALMHAÍOCHT

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**6. Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus a beatha** ❶C 16443/23
*Cur chuige ginearálta*

Phléigh an Chomhairle téacs an Chur Chuige Ghinearálta mar a mhol an Uachtaránacht é. Cé gur thug an Uachtaránacht dá haire nach raibh dóthain tacaíochta ann ag an gcéim sin, mheabhraigh sí a thábhachtaí atá an comhad agus chuir sí in iúl do na toscaireachtaí go raibh sé ar intinn aici leanúint den obair d'fhonn tacaíocht leordhóthanach a fháil maidir leis an téacs a luaithe is féidir.

Leagtar amach ráitis ón nGréig agus ón Ostair a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**7. Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí** ❶C 16040/23 + **COR 1 (pl)**
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

**8. Rialachán maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe foraoise** ❶C 16142/23 + COR 1
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire na tuarascálacha ar dhul chun cinn i ndáil leis na Rialacháin maidir le táirgeadh agus margú ábhair atáirgthe plandaí agus ábhair atáirgthe foraoise. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

9. **Rialacháin maidir le húsáid inbhuanaithe táirge cosanta plandaí** ❶Ⓒ 16044/23
*Tuarascáil ar dhul chun cinn*

Thug an Chomhairle dá haire an tuarascáil ar dhul chun cinn. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

10. **Breithniú ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha CBT** F2 15989/23 + COR 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht*
*Malartú tuairimí*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoin measúnú ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ansin chun measúnú a dhéanamh ar an gcéad bhliain de chur chun feidhme Phleananna Straitéiseacha na mBallstát faoin gcomhbheartas talmhaíochta.

Thug an Chomhairle dá haire an iarraidh ón Iodáil agus ón bhFrainc maidir le deacrachtaí d'earnáil an fhíona a d'eascair as an léirmhíniú a rinne an Coimisiún le déanaí maidir leis an bhfaisnéis atá le cur ar fáil trí mhodhanna leictreonacha maidir le lipéadú fíona.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an tSlóvaic ar fáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón Eastóin, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPolainn agus ón Rómáin, maidir le cóineasú seachtrach.

11. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin 16388/23
*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
*Seisiún tuairimíochta*

IASCACH

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

**2**. (**ar lean**) **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh** Ⓒ(*) 16444/23, 16305/**2**/23 **REV 2**, 16311/23 + ADD 1-2
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)
*Comhaontú polaitiúil*

Féach leathanach 2.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3. | (<u>ar lean</u>) **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil*<br>Féach leathanach 2. | C(*) | 16442/23<br>16305/**2**/23 **REV 2**<br>15715/23<br>+ ADD 1 REV 1 |

<u>**Aon ghnó eile**</u>

<u>Talmhaíocht</u>

**12. (a) An Pacáiste um Leas na nAinmhithe** — 16509/23

**(i) Tograí reachtacha reatha** ❶C
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(a) Rialachán maidir le hainmhithe a chosaint le linn iompair** — 16405/23 + ADD 1

**(b) Rialachán maidir le leas madraí agus cat** — 16406/23 + ADD 1

**(ii) Teachtaireacht maidir leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh (TES) dar teideal '*Fur Free Europe*' [An Eoraip Saor ó Fhionnadh]** 2 — 16599/23

*Cur i láthair ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir leis an pacáiste um leas na n-ainmhithe. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug na toscaireachtaí agus freagra an Choimisiún.

(b) Maolú ar GAEC 7 agus GAEC 8 in 2024 — 16387/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Rómáine, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na hUngáire, na hIodáile, na Laitvia, na Polainne agus na Slóvaice*

(c) Talmhaíocht na hEorpa a ullmhú d'aontachas na hÚcráine leis an Aontas Eorpach — 16386/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

**(d) Todhchaí an bhia agus na talmhaíochta – cóineasú seachtrach** 🄿2 16372/23
*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóvaice, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, na Polainne agus na Rómáine*

Is in éineacht le mír 10 a pléadh mír 12(d).

**(e) Tograí reachtacha reatha**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Athbhreithniú ar na Treoracha Bricfeasta – táirgí talmhaíochta – staid na himeartha** ❶ C 16389/23
15106/2/23 REV 2
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht an Chomhairle ar an eolas faoin staid mar atá sa phlé maidir leis an Treoir lena leasaítear na Treoracha ón gComhairle maidir le mil, súnna torthaí, subha agus bainne díhiodráitithe. Thug an Chomhairle dá haire barúlacha ón gCoimisiún agus ó na toscaireachtaí.

---

❶ An chéad léamh

C Mír bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

🄿2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna 'B' a leagtar amach in 16274/1/23 REV 1**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta san Atlantach agus sa Mhuir Thuaidh**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Tugann an Chomhairle dá haire go n-eiseoidh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh breithiúnas, an 11 Eanáir 2024, i gcás C-330/22, *Friends of the Irish Environment*. [Cairde Chomhshaol na hÉireann]. A mhéid a bheidh eilimintí sa bhreithiúnas sin maidir le léirmhíniú an chreata dhlíthiúil atá ábhartha maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú gach bliain, déanfaidh an Chomhairle anailís ar thionchar an bhreithiúnais sin agus déanfaidh sí na bearta iomchuí de réir mar is gá.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, Ó ÉIRINN, ÓN ÍSILTÍR, ÓN LIOTUÁIN, ÓN EASTÓIN, ÓN SPÁINN, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN tSUALAINN maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) i mBun-Rialachán COD/03AS; RNG/03-; BLI/12INT-; BLI/24-; BLI/03A; COD/07A; COD/7XAD34; HER/7G-K; JAX/2A-14; JAX/08C; POL/56-14; POL/07; SBR/678; SOL/07A agus WHG/07A in 2024.**

'Ós rud é go bhfuil bithmhais stoic COD/03AS; RNG/03-; BLI/12INT-; BLI/24-; BLI/03A; COD/07A; COD/7XAD34; HER/7G-K; JAX/2A-14; JAX/08C; POL/56-14; POL/07; SBR/678; SOL/07A agus WHG/07A faoi bhun Blim agus nach gceadófar ach foghabháil agus iascaigh eolaíocha in 2024, chun téarnamh na stoc a áirithiú i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2018/973 agus (AE) 2019/472, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, Éire, an Ísiltír, an Liotuáin, an Eastóin, an Spáinn, an Phortaingéil agus an tSualainn nach n-úsáidfidh siad an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2024. Is freagairt ar na himthosca eisceachtúla atá ann faoi láthair do na stoic sin é an gealltanas seo.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN nGEARMÁIN, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN tSUALAINN maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 15(9) i Rialachán CBI le haghaidh COD/2A3AX4 agus COD/03AN in 2024**

'An 8 Nollaig 2023, tháinig an tAontas, an Ríocht Aontaithe agus an Iorua ar chomhaontú maidir leis na deiseanna iascaireachta le haghaidh na sé stoc chomhroinnte a bhainistítear go comhpháirteach le haghaidh 2024. Ós rud é go meastar go mbeidh bithmhais TACanna COD/2A3AX4 agus COD/03A faoi bhun Bpa i mbliain an TAC agus sa bhliain ina dhiaidh sin, rinne na Páirtithe an tsolúbthacht idirbhliantúil le haghaidh na stoc sin in 2024 a eisiamh faoin gcomhaontú sin. I gcomhréir leis an gcomhaontú sin, geallann an Bheilg, an Danmhairg, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an tSualainn nach mbainfidh siad úsáid as an tsolúbthacht idirbhliantúil faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir leis na stoic sin in 2024.'

**RÁITEAS ÓN mBEILG, ÓN DANMHAIRG, ÓN bhFRAINC, ÓN ÍSILTÍR AGUS ÓN nGEARMÁIN maidir le Roghanna na Háige**

'Is é a mheasann an Bheilg, an Danmhairg, an Ghearmáin, an Ísiltír agus an Fhrainc go ndearnadh na scálaí maidir le cionroinnt na gcuótaí ar na Ballstáit a chomhaontú in 1983. Is iad na scálaí sin is bonn leis an gcobhsaíocht choibhneasta, prionsabal arna bhunú leis an mBun-Rialachán lena rialaítear an Comhbheartas Iascaigh. Measaimid go bhfuil roghanna na Háige contrártha le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.'

**RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR maidir leis an tionchar socheacnamaíoch**

'De réir na Teachtaireachta ón gCoimisiún maidir le hiascaireacht inbhuanaithe san Aontas: Staid na himeartha 2024 (SWD(2023) 172), tar éis gealltanais a thug Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún chun iascaigh a bhainistiú ar bhealach freagrach, tá an iascaireacht tar éis éirí níos inbhuanaithe agus tá i bhfad níos lú stoc á ró-iascaireacht san Aontas anois. Ina ainneoin seo, tá go leor iascairí ag dul i ngleic leis an treocht go bhfuil na deiseanna iascaireachta ag dul i laghad. San Ísiltír, mar gheall ar an TAC maidir le sól sa Mhuir Thuaidh go háirithe; dúnfar an t-iascach sin go luath in 2024 dá dheasca. Agus cinntí á ndéanamh againn, ba cheart cothromaíocht leordhóthanach a bhaint amach idir colúin inbhuanaitheachta éiceolaíochta, shóisialta agus eacnamaíocha an Chomhbheartais Iascaigh. Is féidir dearcadh fadtéarmach a chur ar fáil don tsliándáil bia agus do staid shocheacnamaíoch na n-iascairí agus a bpobal araon ach an méid sin a dhéanamh. Go háirithe sa lá atá inniu ann agus deacrachtaí éagsúla rompu, éifeachtaí fadtéarmacha Covid, Brexit agus ilúsáid an spáis a mbíonn orthu déileáil léi. Iarraimid ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit araon leanúint den phlé agus féachaint a thuilleadh an bhféadfaí an chothromaíocht a athbhunú. Tá dualgas comhpháirteach orainn aghaidh a thabhairt air sin an bhliain seo chugainn.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le sól in Skagerrak agus in Kattegat**

'Tugann an Coimisiún dá aire an cinneadh ón gComhairle na gabhálacha iomlána incheadaithe (TAC) sól (*Solea solea*) in Skagerrak agus Kattegat a shocrú ag an bpointe is ísle den uastáirgeacht inbhuanaithe.

Is oth leis an gCoimisiún an comhaontú polaitiúil ar tháinig an Chomhairle air maidir leis an TAC don sól in Skagerrak agus Kattegat chun an TAC sin a shocrú ar leibhéal níos airde. Dá mbeadh an TAC níos ísle, d'fhéadfadh an stoc teacht aniar ar bhealach níos gasta. San am céanna, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún pleananna ilbhliantúla Mhuir Bhailt, na Mara Thuaidh agus Uiscí an Iarthair a leasú agus scrúdóidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an togra sin anois faoin ngnáthnós imeachta reachtach.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le faisnéis eolaíoch i ndáil le sól in 8cde, 9 agus 10**

'Faoi láthair i ranna 8c, 8d, 8e, 9 agus 10, déantar trí speiceas aonair a bhainistiú faoi TAC comhcheangailte agus ní sholáthraíonn ICES comhairle maidir le sól coiteann (*Solea solea*) ach amháin i ranna 8c agus 9a agus, i gcás an dá speiceas eile, ní sholáthraíonn sé aon chomhairle. I mí na Samhna 2023, chuir an Phortaingéil in iúl don Choimisiún go bhfuil sonraí eolaíocha níos iomláine ar fáil maidir leis an dá speiceas eile sóil (*Solea senegalensis* agus *Pegusa lascaris*) i bhfolimistéar 9 ICES agus go bhféadfaí measúnuithe stoic a dhéanamh i gcás *Solea senegalensis* agus *Pegusa lascaris* i ngeall ar na sonraí sin.

Geallann an Phortaingéil na sonraí eolaíocha nua sin a sholáthar do ICES faoin 31 Márta 2024, agus iarrfaidh an Coimisiún ar ICES comhairle a thabhairt maidir le gach stoc ábhartha sóil sa limistéar sin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN maidir le mangach i mBá na Bioscáine agus in uiscí na hIbéire**

'Foráiltear le hAirteagal 5(3) de phlean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair maidir le hiascaigh mheasctha a bhainistiú i ndáil le stoic foghabhála agus an deacracht a bhaineann leis na stoic uile a iascach ar an uastáirgeacht inbhuanaithe ag an am céanna á cur san áireamh, go háirithe i gcásanna ina ndúntar an t-iascach roimh am dá dheasca sin. Ba cheart an deacracht sin a léiriú agus fianaise a thabhairt ina leith le sonraí socheacnamaíocha sonracha iontaofa infhíoraithe. I gcásanna ina mbeidh sé deacair na stoic uile a iascach ar an uastáirgeacht inbhuanaithe iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit sonraí socheacnamaíocha ó fhoinsí infhíoraithe a thíolacadh, go háirithe sonraí a fhaightear trí Chreat an Aontais um Bailiú Sonraí.

Tugann an Coimisiún dá aire an aighneacht a rinne an Fhrainc ina luaitear go ndúnfaí iascaigh mheasctha roimh am mar thoradh ar na TACanna a leag an Chomhairle síos don stoc mangaigh i mBá na Bioscáine agus in uiscí na hIbéire, ar rud é sin a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha socheacnamaíocha a bheith ag baint leis. Má thíolacann an Fhrainc sonraí socheacnamaíocha sonracha iontaofa infhíoraithe chun bunús a thabhairt leis an éifeacht tachta iascach ar a ranna cabhlaigh i mBá na Bioscáine déanfaidh an Coimisiún measúnú agus breithniú, bunaithe ar an measúnú sin, ar thogra a thíolacadh chun leasú a dhéanamh le linn na bliana chun an POL 8ABDE a choigeartú, de réir mar is iomchuí. Dhéanfadh an Coimisiún machnamh ar an gcur chuige céanna i gcás na Spáinne agus na Portaingéile dá soláthróidís sonraí socheacnamaíocha sonracha iontaofa infhíoraithe maidir lena TAC ábhartha.'

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH ÓN gCOMHAIRLE AGUS ÓN gCOIMISIÚN maidir le stoic ICCAT**

'Admhaíonn an Chomhairle agus an Coimisiún, faoi roinnt moltaí ICCAT, go bhféadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán dá chuóta de stoic ICCAT nár úsáideadh a thabhairt anonn sa tréimhse 2 bhliain.

Ar bhonn na n-ionstraimí dlíthiúla atá ar fáil agus laistigh de theorainneacha na n-ionstraimí sin, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall na bearta riachtanacha a dhéanamh a luaithe is féidir in 2024 chun coigeartuithe ar chuótaí na mBallstát aonair a chur chun feidhme chun aon tabhairt anonn agus aon asbhaintí maidir le stoic incháilithe uile ICCAT a léiriú.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN, ÓN SPÁINN, ÓN bhFRAINC, ÓN bPOLAINN AGUS ÓN bPORTAINGÉIL maidir le trosc Svalbard**

'Is oth leis an nGearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil nach gcloíonn an Iorua leis an tuiscint pholaitiúil idir an tAontas agus an Iorua ó mhí Aibreáin 2022, ós rud é nach leagann sí síos cuóta don Aontas le haghaidh trosc in uiscí Svalbard a chomhfhreagraíonn do chearta stairiúla an Aontais agus do sciar an Aontais don stoc sin. Meabhraíonn na Ballstáit thuasluaite a gcearta iascaireachta stairiúla seanbhunaithe i limistéar Svalbard, mar a chumhdaítear le Conradh Pháras 1920. Tathantaíonn siad ar an Iorua cearta agus leas an Aontais agus a Bhallstát in Svalbard a urramú go hiomlán, lena n-áirítear cearta iascaireachta agus cuóta iomlán an Aontais in uiscí Svalbard do 2024 a bhunú. Meabhraíonn siad freisin, i ngeall ar na stadanna iascaireachta a d'eisigh an Iorua in 2021, nárbh fhéidir 5 143 thona ar an iomlán de chuóta trosc an Aontais a iascach i Limistéar Eacnamaíoch Eisiach na hIorua. Cuireann na Ballstáit in iúl go bhfuil díomá orthu nár chuir an Iorua an chainníocht sin ar fáil don Aontas go fóill sna malartuithe déthaobhacha. Ba cheart an tsaincheist sin a réiteach a luaithe is féidir.

Is mór ag an nGearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Pholainn agus an Phortaingéil go bhfuil an Coimisiún faoi réir chun leanúint de na comhairliúcháin leis an Iorua maidir leis na saincheisteanna thuasluaite.'

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE maidir le leithdháileadh MAC/2A34-N**

'I gcomhthéacs TAC nua a bheith á chruthú (MAC/2A34-N), aithníonn an Chomhairle gurb é atá sa chuid de na deiseanna iascaireachta arna leithdháileadh ar MAC/2A34-N arna haistriú ag an Danmhairg chuig sealbhóirí cuótaí i TAC Uiscí an Iarthair (MAC/2ACX14-), bunaithe ar an scála cobhsaíochta coibhneasta atá ann cheana don TAC sin, ná 27.5 % den chuóta sin in 2025 agus 25 % ó 2026 ar aghaidh.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG maidir le leithdháileadh inmheánach ronnach**

'Tá sciar suntasach dá cuótaí ronnach caillte ag an Danmhairg i ngeall ar an leithdháileadh nua inmheánach ronnach i ndáil le MAC/2A4A-N. Is oth leis an Danmhairg na hiarmhairtí tromchúiseacha a bhaineann leis sin.

Meabhraíonn an Danmhairg an tosaíocht eisceachtúil a thugtar don Danmhairg ó thaobh ronnach de i réamhrá an Chomhbheartais Iascaigh lena n-áirithítear go mbeidh 25 000 tona ronnach ar a laghad ag an Danmhairg.

Dá bhrí sin, i gcás ina n-áireofaí deiseanna iascaireachta le haghaidh ronnach i gcomhaontú a dhéanfar amach anseo le tríú tíortha, ba cheart an méid sin a chur san áireamh agus na deiseanna iascaireachta sin á leithdháileadh.'

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún an tacaíocht is gá a chur ar fáil, faoi chuimsiú a shainchúraim, agus léirmhíniú á dhéanamh ar fhorálacha ábhartha an Rialacháin maidir le Deiseanna Iascaireachta lena leithdháiltear cuóta nua MAC/2A34-N agus lena n-aistrítear cuid de chuig Uiscí an Iarthair. I gcás ina gcruthaíonn cur chun feidhme an TAC nua dúshláin léirmhínithe nó tuairiscithe do na Ballstáit, ba cheart don Chomhairle agus don Choimisiún a bheith rannpháirteach d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC maidir le bolmáin (JAX/2A-14).**

'Tugann an Fhrainc dá haire gur le haon stoc/speiceas amháin (*Trachurus trachurus*) a bhaineann an chomhairle a fuarthas ó ICES agus is é sin is bonn don TAC (JAX/2A-14). Cumhdaítear leis an TAC *Trachurus spp*, a bhfuil trí speiceas de in uiscí an Iarthair a ghabhtar in éineacht leis an bpríomhstoc bolmáin (*Trachurus trachurus*). Tá na gabhálacha *Trachurus mediterraneus* (bolmán na Meánmhara) agus *Trachurus picturatus* (an bolmán gorm) sách íseal agus, i gcás na mbolmán gorm, is níos faide ó dheas a ghabhtar iad den chuid is mó in éineacht le bolmáin an Deiscirt. Tacaíonn an Fhrainc le seasamh ICES nár cheart an TAC agus aon rialachán bainistíochta eile a d'fhéadfaí a bhunú a bheith bainteach ach le *T. Trachurus* amháin, agus gur cheart TACanna ar leithligh a bhunú le haghaidh na speiceas eile.'

**RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR, ÓN bhFRAINC, ÓN IODÁIL, ÓN DANMHAIRG AGUS ÓN bPORTAINGÉIL**

'Tugaimid dár n-aire agus is cúis imní dúinn an treocht dhiúltach atá ann maidir le deiseanna iascaireachta a bheith á n-ísliú agus gabhálacha nialasacha a bheith á méadú. Baineann iarmhairtí forleathana socheacnamaíocha leis an méid sin d'iascairí agus dá bpobail, sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma araon. Is cúis mhór imní dúinn an staid sin. Leagaimid béim ar an ngá atá le cur chuige níos cothroime lena gcuirtear san áireamh trí phríomhchuspóir an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), eadhon an inbhuanaitheacht comhshaoil agus caomhnú na n-acmhainní iascaigh, inbhuanaitheacht shóisialta na bpobal cósta, agus gníomhaíochtaí iascaigh a chur chun cinn agus aird iomlán á tabhairt ar ghnéithe socheacnamaíocha. Go háirithe, ní mór féachaint ar an mbailiú sonraí agus ar an modheolaíocht eolaíoch atá ann faoi láthair chun feabhas a chur ar cháilíocht an phróisis cinnteoireachta agus ar shocrú an TAC. Mura gcuirtear dearcadh earnáil an iascaigh san áireamh, ní fhéadfaidh an earnáil sin leanúint de tháirgí bia inbhuanaithe sláintiúla a sholáthar do mhargadh na hEorpa ar mhaithe le slándáil bia agus biacheannasacht na hEorpa. Tá sé mar aidhm againn páipéar leathoifigiúil comhpháirteach a fhoilsiú go luath an bhliain seo chugainn maidir leis an tsaincheist. Ina theannta sin, iarraimid ar an gCoimisiún nua machnamh breise a dhéanamh ar an gcaoi ar féidir obair leantach a dhéanamh ar an ábhar seo.'

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC AGUS ÓN ÍSILTÍR maidir le hasbhaintí ó bharr anuas**

'Is oth linn nár tharchuir an Coimisiún faisnéis a bhí chomh mionsonraithe céanna leis an bhfaisnéis a tarchuireadh sna blianta roimhe seo maidir leis an asbhaint a bhaineann le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Cé gur agair an Coimisiún cúiseanna rúndachta maidir leis an gcinneadh gan an fhaisnéis sin a tharchur, is ábhar imní dúinn gur cuireadh ó chumas na mBallstát na hasbhaintí sin a fhíorú.

D'fhéadfadh easpa trédhearcachta mar sin fasach a chruthú do na blianta amach romhainn. Dá bhrí sin, iarraimid ar an gCoimisiún a mhodheolaíocht a athchóiriú a luaithe is féidir chun rúndacht a áirithiú agus, ag an am céanna, cumas na mBallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an ríomh a ráthú. Ba cheart an fíorú sin a bheith indéanta cheana féin le haghaidh na bliana 2024.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024 na deiseanna iascaireachta sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 43(3) CFAE)<br>*Comhaontú polaitiúil* |

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC AGUS ÓN IODÁIL maidir leis an sásra cúitimh i ndáil le Plean Ilbhliantúil na Meánmhara Thiar a chur chun feidhme ar bhonn deonach**

'Chun aon deacrachtaí a sheachaint maidir le cur chun feidhme na bhforálacha a bhaineann leis an sásra cúitimh, is gá a shoiléiriú go bhfuil sé i gceist na bearta a thuairiscítear in Airteagal 7 den Dréacht-togra le haghaidh '*Rialachán ón gComhairle lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh le haghaidh 2024'* a chur chun feidhme ar bhonn deonach go heisiach agus nár ceapadh iad le bheith éigeantach do na Ballstáit.

Ba cheart don Choimisiún an cur chuige deonach sin a mheas i gcur chun feidhme an tsásra cúitimh do gach Ballstát.'

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus a beatha**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**<u>RÁITEAS ÓN nGRÉIG</u>**

'Ba cheart caitheamh le plandaí Teicnící Géanómaíocha Nua (TNG) de Chatagóir 1 mar phlandaí a táirgeadh trí ghnáththeicnící pórúcháin. Ní mór an t-ábhar bitheolaíoch ó phórú plandaí, a d'fhéadfaí a fháil sa nádúr freisin, a bheith ar fáil go forleathan le haghaidh pórú plandaí. Tá baol ag baint le hinphaitinneacht phlandaí TNG de Chatagóir 1 go dtiocfaidh méadú ar chomhchruinniú an mhargaidh, ar theacht chun cinn monaplachtaí agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé tionchar a bheith aige ar inacmhainneacht agus infhaighteacht bia. Dá bhrí sin, ba cheart plandaí Chatagóir 1, a síol díorthaithe, a n-ábhar plandaí, ábhar géiniteach gaolmhar, mar shampla, géinte agus seichimh ghéinte, agus tréithe plandaí a eisiamh ó inphaitinneacht.

Chun na críche sin, ba cheart athmheasúnú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus rialála a luaithe is féidir chun a áirithiú go n-eisiafar an t-ábhar plandaí ábhartha ó inphaitinneacht.'

**RÁITEAS ÓN OSTAIR tráth an Chur Chuige Ghinearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le plandaí a fhaightear trí theicnící géanómaíocha nua áirithe agus a dtáirgí bia agus a beatha**

'Gabhann an Ostair buíochas le hUachtaránacht na Spáinne as a cuid oibre ar an togra reachtach agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí chun teacht ar chomhréiteach, go háirithe go gcuirtear rogha an diúltaithe ar fáil fós do ghléasraí TGN de chatagóir 2.

Aithníonn an Ostair an acmhainneacht a d'fhéadfadh a bheith ag baint le teicnící nua géanómaíocha (TNG), ach tá baint acu freisin le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Ó thaobh na hOstaire de, tá go leor ceisteanna oscailte fós ar gá plé mionsonraithe a dhéanamh ina leith. Ní leor staid an phlé atá ann faoi láthair, áfach, do Chur Chuige Ginearálta. Dá bhrí sin, tá an Ostair i gcoinne an Cur Chuige Ginearálta a ghlacadh agus iarrann sí ar an Uachtaránacht tuilleadh comhairliúchán a sceidealú chun na ceisteanna oscailte agus na ceisteanna nár freagraíodh a shoiléiriú.

Ba mhaith linn na pointí seo a leanas, a ardaíodh cheana féin le linn na caibidlíochta, a athdhearbhú go criticiúil:

- Ó thaobh na hOstaire de, táthar ag teacht salach ar phrionsabal an réamhchúraim mura ndéantar measúnú riosca ar phlandaí chatagóir 1 TNG agus ar a dtáirgí.
- Sáraíonn eisiamh phlandaí TNG de chatagóir 1 ó chur i bhfeidhm Threoir (AE) 2015/412 (rogha an diúltaithe) prionsabal na coimhdeachta. Ba í an oscailteacht sin a bhí ina príomhchúis leis an treoir seo a ghlacadh.
- Is díol sásaimh don Ostair an toirmeasc atá beartaithe ar phlandaí TGN agus a dtáirgí a úsáid san fheirmeoireacht orgánach. Mar sin féin, tagann an cheist aníos maidir leis an gcaoi a mbainfear an méid sin amach gan costais bhreise ollmhóra don talmhaíocht mura bhfuil aon phlean ann táirgí ó phlandaí TGN de chatagóir 1, lena n-áirítear beatha ainmhithe, a lipéadú. Is ceannródaí san Aontas í an Ostair agus 27.7 % dá cuid feirmeoireacht ina feirmeoireacht orgánach aici agus tá imní uirthi go bhféadfadh an togra comhréitigh reatha é sin a chur i mbaol.
- Tá an ceart chun faisnéise agus chun saoirse rogha ag tomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach, ó thaobh na hOstaire de, táirgí ó phlandaí TNG de chatagóir 1 a lipéadú.

- I gcás TGN1, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann bearta cómhaireachtála a chur i bhfeidhm freisin. Ní mór iad sin a rialáil go haonfhoirmeach san Aontas chun a áirithiú nach ndéanfar aon saobhadh ar an iomaíocht.
- Toisc go bhfeadfaí plandaí TNG a phaitinniú, tá imní ann go bhféadfaí monaplacht a chruthú agus go bhféadfaí FBManna a bhrú amach as an margadh.

Ina theannta sin, ó thaobh na hOstaire de, tá baol ann go gcuirfear srian ar an mbithéagsúlacht agus ar infhaighteacht barr talmhaíochta.'